

1. “Tá mé tinn.”
Cad a dúirt tú?
Dúirt mé go bhfuil mé tinn.

An ndúirt tú go bhfuil tú tinn?
Dúirt.
Ní dúirt.

“Níl mé tinn.”
Dúirt mé nach bhfuil mé tinn.

Cad a dúirt sé/sí?
“Tá tinneas cinn orm.”
Dúirt sé go bhfuil tinneas cinn air.
“Tá mé fós sa bhaile.”
Dúirt sí go bhfuil sí fós sa bhaile.
Máire: “Tá mé ag ithe.”
Dúirt Máire go bhfuil sí ag ithe.
2. “Bhí mé tinn.”
Cad a dúirt tú?
Dúirt mé go raibh mé tinn.

An ndúirt tú go raibh tú tinn?
Dúirt.
Ní dúirt.

“Ní raibh mé tinn.”
Dúirt mé nach raibh mé tinn.

Cad a dúirt sé/sí?
“Bhí tinneas cinn orm.”
Dúirt sé go raibh tinneas cinn air.
“Bhí mé fós sa bhaile.”
Dúirt sí go raibh sí fós sa bhaile.
“Bhí mé ag ithe.”
Dúirt Máire go raibh sí ag ithe.
- “I’m ill.”
What did you say?
I said that I am ill.

Did you say that you are ill?
Yes.
No.

“I’m not ill.”
I said that I’m not ill.

What did he/she say?
“I have a headache.”
He said that he has a headache.
“I’m still at home.”
She said that she’s still at home.
Mary: “I’m eating.”
Mary said that she’s eating.

“I was ill.”
What did you say?
I said that I was ill.

Did you say that you were ill?
Yes.
No.

“I wasn’t ill.”
I said that I wasn’t ill.

What did he/she say?
“I had a headache.”
He said that he had a headache.
“I was still at home.”
She said that she was still at home.
“I was eating.”
Mary said that she was eating.

Comhrá 1

A: Ar labhair tú le Máire aréir?

B: Labhair. Tá sí tinn.

A: Cad atá uirthi?

B: Dúirt sí go bhfuil slaghdán uirthi.

A: An ndúirt sí go bhfuil sí an-tinn?

B: Ní dúirt. Dúirt sí nach bhfuil sí go dona.

Comhrá 2

A: An bhfaca tú Seán agus Máire inné?

B: Ní fhaca. Níor raibh siad ag an gcóisir.

A: Cén fáth? Cad a dúirt Seán?

B: Dúirt sé go raibh tinneas cinn air.

A: Agus cad a dúirt Síle?

B: Dúirt sí go raibh sí ag obair.

Comhrá 3 (ceisteanna)

1. An bhuil sé te anois?
2. An raibh sé fuar inné?
3. An bhfuil Spáinis agat?
4. An raibh tú in Éirinn riamh?
5. An bhfuil madra agat?
6. An raibh cupán caife agat ar maidin?
7. An raibh tú ag obair inniu?
8. An bhfuil tú ag ithe anois?

Conversation 1

Did you talk to Mary last night?

Yes. She's sick.

What's wrong with her?

She said she has a cold.

Did she say that she's very sick?

No. She said that she's not bad.

Conversation 2

Did you see John and Mary yesterday?

No. They weren't at the party.

Why? What did John say?

He said that he had a headache.

And what did Sheila say?

She said that she was working.

Conversation 3 (questions)

Is it hot now?

Was it cold yesterday?

Do you know Spanish?

Were you ever in Ireland?

Do you have a dog?

Did you have a cup of coffee this morning?

Were you working today?

Are you eating now?

An Seanteach

le Máire Ní Dhónaill
ó Duanaireacht na nÓg

Tá an seanteach ina sheasamh
go huaigneach anois.
Níl duine ar bith ina chónaí ann.
Tá na fuinneoga briste agus
an díon tite isteach
is na ballaí ina luí anonn.

Níl trup ná tormán le cluinsteán,
mar mhí sna laetha fadó.
Tá na daoine ar shlí na fírinne anois
agus níl aon duine le hamharc
ina ndiaidh níos mó.

The Old House

by Máire Ní Dhónaill
from Poetry of the Young

The old house is standing
alone now.
There isn't anyone living in it.
The windows are broken and
the roof is fallen in
and the walls are laying around.

There is no din or noise to hear,
as there was in the days long ago.
The people are dead now
and there is nobody to look
after it any more.